

Scéim na Gaeilge 2008–2011

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

Tá an Scéim Gaeilge seo réitithe ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Réitíodh an Scéim de réir na dTreoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, rud a chóirigh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Tá soláthar in Alt 11 den Acht don réiteach a dhéanfaidh eagrais phoiblí ar scéim Gaeilge a mbeidh sonraí ann maidir leis na seirbhísí a chuirfear ar fáil.

- ✓ As Gaeilge
- ✓ As Béarla, agus
- ✓ As Gaeilge agus as Béarla

Foilsíodh fógra sna páipéir náisiúnta ar an 24^ú Bealtaine 2007 go bhfuil rún ann scéim a réiteach, fógra a bhí ina chuireadh chun aighneachtaí maidir leis an ábhar seo chomh maith. Rinneadh aighneachtaí a lorg ón mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus óna chuid foirne freisin.

Aithníonn An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh an ceart atá ag ár gcuid custaiméirí a gcuid gnó a dhéanamh linn as Gaeilge más é is rogha leo. Déanfaidh an BFS a dhícheall le soláthar breis seirbhísí a chinntiú trí mheán na Gaeilge, agus is briathar linn na forálacha atá in Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm. Is de réir a chéile a dhéanfar é seo, agus cuirfear le socruithe atá ann faoi láthair le seirbhísí a sholáthar sa chéad scéim seo a thabharfar chun cinn de réir mar atá éileamh ar na seirbhísí agus de réir na n-acmhainní atá ar fáil chuige sin.

I measc na rudaí atá sa scéim seo, tá forléargas gonta ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus ar leibhéal na seirbhísí atá ar fáil uainn cheana féin as Gaeilge, as Béarla agus sa dá theanga. Is de chuspóirí na scéime seo feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí a dhéanaimid as Gaeilge.

Tá deimhniú déanta ar an scéim seo ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tiocfaidh tús feidhme sa scéim ar an 7^ú Iúil 2008, agus beidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta seo amach, nó rud eile go dtí go ndéanfaidh an tAire scéim nua a dheimhniú de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, pé acu sin is túisce.

Cé muid féin agus cén obair a dhéanaimid

Bunaíodh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) ina chomhlacht reachtúil faoin Acht Comhairle 2000. Chuir an tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh leasú ar an Acht seo i 2007, rud a chuir athrú ar ainm an eagrais chomh maith ionas gurb é an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh is ainm dó feasta. Tá freagracht an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh tacú leis an soláthar eolais, comhairle agus seirbhísí abhcóideachta a bhíonn ann don phobal maidir le réimse leathan seirbhísí sóisialta agus sibhialta.

Is éard is sainordú don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, de réir shainmhíniú an Achta:

- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil teacht ag na daoine ar eolas cruinn, cuimsitheach, soiléir maidir le seirbhísí sóisialta
- Éascaíocht rochtana ar sheirbhísí sóisialta a chur chun cinn, chomh maith le comhordú a dhéanamh orthu agus aird an phobail a tharraingt orthu
- Tacaíocht, cur chun cinn agus forbairt ar sholáthar an eolais maidir le héifeachtúlacht na bpolasaithe sóisialta agus na seirbhísí atá ann faoi láthair; agus aird a tharraingt ar nithe is ábhar buartha do lucht úsáide na seirbhísí sin.
- Tacaíocht a thabhairt do sholáthar na seirbhísí abhcóideachta do dhaoine faoi mhíchumas, nó na seirbhísí sin a chur ar fáil go díreach

Plean Straitéise na Faisnéise do Shaoránaigh 2006–2009

Tá daingniú sa phlean straitéise seo ar an obair a rinneadh le blianta beaga anuas le linn don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh idir fhaisnéis, chomhairle agus abhcóideacht chomhtháite ar ardchaighdeán a fhorbairt ó thaobh a dtionscnaithe agus a seachadta. Rud eile atá san áireamh ann is ea An tAcht um Fhaisnéis do Shaoránaigh, mír reachtaíochta a chuir malairt ainm ar an eagrais agus a chuir tuilleadh fairsinge sa réimse oibre atá aige. Ceann de chuspóirí tábhachtacha na straitéise nua ná cur leis an aird atá ag an bpobal ar bhranda na Faisnéise do Shaoránaigh. Buntéama eile ná forbairt agus forás a chur ar na seirbhísí abhcóideachta, Seirbhís nua na hAbhcóideachta Pearsanta ach go hairithe, rud atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas.

Is éard is aidhm don Phlean Straitéise 2006–2009 deimhin a dhéanamh de go bhfuil teacht gan stró ag cách ar fhaisnéis neamhspleách ar ardchaighdeán, agus ar sheirbhísí comhairle agus abhcóideachta chomh maith, ionas gur féidir leo a

gcuid riachtanas a aithint agus leas a bhaint as gach seirbhís shóisialta agus sibhialta a bhfuil siad ina theideal.

Is pleán é atá bunaithe ar cheithre cinn de thosaíochtaí straitéiseacha Déantar an dara scagadh ar gach pointe díobh rud a fhágann dhá chuspóir nó níos mó ná dhá chuspóir a ghabhann le bearta agus le táscairí faoi leith. Tá mionphlean forfheidhmithe ann ina n-aithnítear na cúraim a bhaineann le gach beart, áit a leagtar síos clár ama d'fhorfheidhmiú na gcúram ar fad. Déantar athbhreithniú ar an bpleán forfheidhmithe faoi dhó in aghaidh na bliana. Leagtar na tosaíochtaí amach thíos.

Tosaíocht Straitéiseach 1: Faisnéis Chomhtháite

Faisnéis chomhtháite ar ardchaighdeán atá dírithe ar an gcustaiméir a tháirgeadh faoi gach gné de na seirbhísí sóisialta agus sibhialta mar chabhair do dhaoine lena gcuid cearta agus a gcuid teidlíochtaí a bhaint amach.

Tosaíocht Straitéiseach 2: Seachadadh na Seirbhísí

A chinntiú go seachadófar seirbhísí faisnéise, comhairle agus tacaíochta a bhíonn dírithe ar an gcustaiméir thar an idirlíon, ar an teileafón agus sna teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn.

Tosaíocht Straitéiseach 3: Forbairt na bPolasaithe Sóisialta agus na hAbhcóideachta

Na seirbhísí tacaíochta a fhorbairt agus a éascú, go mór mór le haghaidh daoine faoi mhíchumas, agus tionchar a bheith againn ar fhorbairtí beartais agus ar chórais riaracháin agus nósanna imeachta.

Tosaíocht Straitéiseach 4: Éascaíocht Rochtana:

Éascaíocht rochtana ar sheirbhísí faisnéise, comhairle agus tacaíochta a fheabhsú le tagairt ar leith do dhreamanna leochaileacha agus dóibh siúd is measa as.

Tá sé d'iachall ar an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ó thaobh reachta de cuidiú le daoine agus tacaíocht a thabhairt dóibh, daoine faoi mhíchumas san áireamh, lena gcuid riachtanas a aithint agus a thuiscint, agus le tuiscint cén rogha atá acu maidir le teacht ar an eolas agus ar na seirbhísí sóisialta agus sibhialta a bhfuil siad i dteideal orthu. Is éard is príomh-obair don BFS ábhair agus acmhainní a thionscnamh a bhaineann le seirbhísí sóisialta agus sibhialta do lucht soláthair eolais. I measc na seirbhísí tá:

Acmhainní Faisnéise a Sholáthar

Acmhainní Ar-Líne

Tá sonraí cuimsitheacha ar láithreán gréasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformationboard.ie maidir lena chuid seirbhísí maraon le naisc le hacmhainní eolais eile.

Cuireann láithreán gréasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh, www.citizensinformationboard.ie, eolas cruinn, beacht ar fáil ó thaobh na seirbhísí poiblí de maidir le cearta sóisialta agus sibhialta gach duine in Éirinn. Tá sé de nuacht sa mhodh oibre a bhaineann leis an eolas ar-líne go bhfuil struchtúr ar an eolas ann atá de réir imeachtaí móra na beatha. Tá cur síos i www.citizensinformation.ie ar réimse ábhar as cuimse, cearta fostaíochta, cuir i gcás, ceannach tí, aistriú thar lear, cúrsaí oideachais agus rudaí nach iad. Roinntear an t-eolas ina 14 rangabháil ionas gur féidir leis an lucht úsáide teacht gan mhoill ar an ábhar a bhaineann leo féin. Aimsítear an t-eolas i measc réimse mhór soláthraithe seirbhísí agus áisínteachtaí, agus is cruinn, cuimsitheach, sothuigte an t-eolas é. Cuireann gach rangabháil díobh an bhéim ar shraith ceistanna a chuirtear go minic faoin ábhar, rud a bhfuil saibhreas mioneolais ag dul leis, maraon le staidéar ar chásanna faoi leith, cáipéisí taca agus foirmeacha is féidir a íoslódáil.

Is iomaí cóir oibre ar an láithreán, ina measc sin uirlis 'aimsigh seoladh', rud a chuireann ar a gcumas do dhaoine os cionn 8000 solathraí seirbhísí agus comhlacht rialtais a aimsiú ar fud na tíre, maraon le háis *Mo Chuid Eolais Féin*. Is féidir leis an lucht úsáide a gcuid cuntas féin a chruthú ach an chóir *Mo Chuid Eolais Féin* a úsáid ina áit stórála do na naisc eolais agus do na cáipéisí a bhfuil baint acu leo go pearsanta, maraon lena rogha féin a shocrú ó thaobh teangan agus méid an chló, cuir i gcás. Tá an t-ábhar ar fad ar fáil as Gaeilge agus as Béarla araon, agus ó tharla os cionn 1200 cáipéis ann as Gaeilge, tá sé ar cheann de na toibreacha eolais is mó dá bhfuil ag an stát as Gaeilge. Ar mhaithe le feabhas a chur ar chúrsaí rochtana i gcomhair daoine de chuid na bpobal thar tír isteach, bítear ag foilsiú an ábhair chuí ar www.citizensinformation.ie bPolannais, i bhFraincis agus i Rómáinis. Cuireadh dearadh ar an láithreán ionas gur furasta do lucht míchumais úsáid a bhaint as, daoine ar mithid dóibh na Teicneolaíochtaí Cúnta a léamh b'fhéidir le dul isteach ar an láithreán.

Teicneolaíocht Chúnta

Tá bunachar teicneolaíochta cúnta tugtha chun cinn ag BFS, agus líne cúnta gutháin mar chuid de, ina fhoinsé eolais faoi na háiseanna agus na gléasanna atá ann do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn.

Is éard is croí don chuspóir seo acmhainn chuimsitheach a sholáthar a mbeidh an t-eolas cuí ann faoi na táirgí, na soláthróirí agus na hacmhainní atá ann a bhaineann le cúrsaí míchumais agus leis an saol sin ó lá go lá. Is i gcomhairle le heagrais do lucht míchumais a cuireadh forbairt ar an tobar eolais ar-líne, maraon leis na seirbhísí taca agus lucht soláthair na seirbhísí ar fud na hÉireann agus thar lear. Tá láithreán gréasáin Assist Ireland le fáil ar www.assistireland.ie

Foilseacháin Eolais

Tionscnaíonn an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh réimse ilghnéitheach foilseachán eolais agus tuarascálacha ar chúrsaí polasaí sóisialta. I measc na bhfoilseachán sin tá RELATE – míosachán eolais – agus sraith leabhrán faoi chúrsaí teidlíochta.

Tá na foilseacháin ar fáil ar láithreán gréasáin an BFS. Tá liosta iomlán le fáil ón Ard-Oifig i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4, nó ó láithreán gréasáin An Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar www.citizensinformationbaord.ie.

Cuireann an BFS deontais eolais ar fáil chomh maith faoi réimse leathan eagrais ar fud na tíre (grúpaí deonacha san áireamh, grúpaí pobail agus gréasán CIC). Chomh maith leis seo, tá seirbhís eolais 'Cuir do Cheist' ar fáil do lucht soláthair seirbhísí.

Seirbhísí Réigiúnda

Cuidíonn Seirbhísí Réigiúnda an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh le forbairt agus le seachadadh seirbhísí eolais, agus cuireann siad chun cinn iad mar seo a leanas:

- maoiniú a sholáthar, maraon le táirgí eolais agus tacaíocht ghinearálta do réimse áisínreachaí soláthair eolais, go mórmhór gréasán an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus Seirbhís Gutháin na Faisnéise do Shaoránaigh.
- cúrsaí traenála atá feiliúnach d'aon duine amháin a chur ar fáil go leanúnach agus iad seo dírithe ar riachtanais forbartha lucht soláthair eolais.
- Tograí faisnéise agus abhcóideachta a fhorbairt agus a chomhordú i bpáirt le heagrais eile agus iad a dhíriú ar ghrúpaí imeallacha ach go háirithe.

Seirbhís don Chustaméir & Cúrsaí Oiliúna

Is de dhícheall Fhoireann Seirbhísí na gCustaiméirí agus Oiliúna deimhin a dhéanamh de go mbeidh teacht ag custaiméirí de chuid BFS ar sheirbhísí oiliúna ar ardchaighdeán ionas go bhféadfaidh siad féin eolas den scoth a dháileadh ar chách, maraon le comhairle agus seirbhísí abhcóideachta. Déan sé seachadadh agus tacú ar sheachadadh Chlár Lucht Soláthair Faisnéise a bhfuil creidiúnú acu ar fud na tíre, rud is lón don ghréasán CIS agus eagrais eile a bhíonn ag soláthar eolais san earnáil deonach, in earnáil an phobail agus san earnáil phoiblí.

Polasaí Sóisialta

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a sciar féin i dtreo fhorbairt an pholasaí shóisialta náisiúnta trí aiseolas a bhailiú faoi phráinn i gcúrsaí polasaí a facthas don BFS, do lucht CIS, do lucht CIP agus do sholáthraithe eile eolais neamhspleáigh agus seirbhísí

comhairle. Tá tuarascálacha sóisialta agus taighde ar fáil i gcló agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasaín an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh freisin.

Cúrsaí Abhcóideachta agus Éascaíocht Rochtana

Cuireann an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh cúrsaí abhcóideachta chun cinn ar bhealaí éagsúla trí cheistanna polasaí sóisialta a chur ar a súile don rialtas, trí thacú le forbairt na seirbhísí abhcóideachta laistigh de na CISanna agus trí acmhainní a chur ar fáil do roinnt tionscnamh abhcóideachta san earnáil dheonach agus in earnáil an phobail. Ó am go chéile, cuireann sé coimisiún ar thaighde i dtreo breis tuisceana ar chúrsaí abhcóideachta agus ar na seirbhísí agus ar na tacaí is gá le forbairt a chur air.

Tá soláthar san Acht um Fhaisnéis do Shaoránaigh 2007 i gcomhair seirbhís abhcóideachta atá dírithe go sonrach ar dhaoine faoi mhíchumas.

Foireann an CIB agus suímh na nOifigí

I láthair na huaire, tá os cionn 100 foirne ag an BFS lonnaithe i 15 suíomh ar fud na tíre. Tá os cionn 50 foirne san Ard-Oifig atá againn i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá foireann na réigiún lonnaithe sa 14 ionad eile ar fud na tíre. I measc na bhfeidhmeanna atá leis an Ard-Oifig, tá Táirgeadh Faisnéise, Foilseacháin Faisnéise agus Polasaí Sóisialta, Seirbhísí na gCustaiméirí agus Traenáil ICT le seirbhísí taca, HR, Cúrsaí Airgeadais agus an Caidreamh Poiblí, cuir i gcás.

Níl ceann ar bith de na hoifigí lonnaithe i gceantar Gaeltachta.

Cliaint agus Páirtithe Leasmhara an BSF

Is léir trasghearradh ilghnéitheach custaiméirí ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh ach scrúdú a dhéanamh ar na custaiméirí sin, agus bíonn beartaíocht idir cuid mhaith díobh sin agus rannóga éagsúla sa BFS. I measc na gcustaiméirí sin, tá baill de chuid an pobail mhóir a bhaineann úsáid as na hacmhainní ar-líne, lucht léite na bhfoilseachán éagsúil, an gréasán Seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh (SFS) ar fud na tíre, Seirbhís Gutháin Fhaisnéis an Phobail (SGFB), agus réimse leathan eagrais den chineál deonach, pobail, glan-ar-bhrabach agus reachtúil. Tá liosta ar fáil thíos de na príomhghrúpaí custaiméirí ardléibhéil atá ag an BFS.

I measc na bpríomhghrúpaí custaiméirí atá ag an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh tá: –

- An pobal mór, agus coda faoi leith de ach go háirithe, daoine a bhfuil an 60 slán acu, cuir i gcás, lucht fágtha na scoile, daoine faoi mhíchumas, srl.
- Seirbhísí Eolais do Shaoránaigh & Seirbhís Gutháin na Faisnéise do Shaoránaigh
- Seirbhísí eolais phoiblí deonacha eile nó eagrais glan-ar-bhrabach, mar shampla Seirbhís Eolais na dTeifeach, FLAC, Seirbhísí Eolais na hÓige, srl.

- Eagrais pobail agus eagraisí san earnáil deonach, eagrais do lucht míchumais san áireamh.
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Ranna Rialtais eile, áisínreachtaí stáit, údaráis áitiúla, agus áisínreachtaí sláinte
- Custaiméirí inmheánacha .i. foireann an Bhoird um Fhaisnéis do Chustaiméirí ina gcustaiméirí inmheánacha

Caibidil 2: Ag Réiteach na Scéime

Thug an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh faoin bpróiseas comhairleoireachta seo a leanas le linn dóibh a bheith ag réiteach na scéime:

- De réir Alt 13(1)(a) de chuid an Ahta, d'fhoilsigh an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh fógra ina raibh rún lena a leithéid sin de scéim a réiteach. Cuireadh fógraí dhátheangacha sna páipéir náisiúnta agus ar láithreán gréasáin BFS ag iarraidh ar an bpobal aighneachtaí a chur isteach maidir le réiteach na scéime. Tá cóip den fhógra seo le feiceáil in Iarscríbhinn 1. Fuarthas dhá aighneacht aimsir na comhairleoireachta. Tá siad ar fáil araon in Iarscríbhinn 2.
- Rud eile de, rinne BFS aighneachtaí a lorg ar ghrúpa samplach de chustaiméirí BFS faoi Bhealtaine 2007.
- Cuireadh an scéal ar a súile d'fhoireann BFS, agus rinneadh aighneachtaí a lorg.
- Bunaidh grúpa oibre go himheánach le scéim na dréachta a chomhordú arbh iad a bhí iontu cuid den lucht oibre ó fhoirne seirbhísí faoi leith.
- Is go himheánach a fiosraíodh scéal na seirbhísí a bítear a iarraidh as Gaeilge, agus is amhlaidh a fiosraíodh leibhéal cumais na foirne agus an acmhainn atá iontu le Gaeilge a labhairt leis na custaiméirí.

Caibidil 3: Achoimre ar na Seirbhísí atá ar fáil as Gaeilge

Na hAcmhainní Ar-líne

The mioneolas ar láithreán gréasáin BFS, www.citizensinformationboard.ie faoi sheirbhísí BFS. Tá beagán Gaeilge ar an láithreán. Tá cuid de na foilseacháin ar fáil as Gaeilge ar an láithreán, An Tuarascáil Bhliantúil, An Plean Straitéise, agus an leabhrán Eolas na hAoise do dhaoine meathaosta, cuir i gcás.

Is uileghabhálach an lion ábhar atá ar láithreán gréasáin an **Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh**, www.citizensinformation.ie, ina measc sin cearta fostaíochta, ceannach tí, aistriú thar lear, cúrsaí oideachais agus nithe nach iad. Roinntear an t-eolas ina 14 rangabháil ionas gur féidir leis an lucht úsáide teacht gan mhoill ar an ábhar a bhaineann leo féin. Seo acmhainn ar-líne a ndéanann an BFS an solathár agus an chothabháil ar fad air. Cuireadh Gaeilge ar os cionn 1200 cáipéis ar leith ionas gur láithreán gréasáin é seo a bhfuil an dá theanga ann tríd síos.

An t-eolas ar fad atá ar an láithreán, tá sé le fáil as Béarla agus as Gaeilge araon. Tá na leathanaigh eolais ar fad ar fáil sa dá theanga, agus tig le lucht úsáide an láithreáin a dteanga féin a roghnú in áiteacha éagsúla ar fud an láithreáin.

An tseirbhís comhairle ar-líne "Cuir do Cheist", is seirbhís í a chuirtear ar fáil via láithreán gréasáin na Faisnéise do Shaoránaigh. Déanfar uasghrádú ar an tseirbhís eolais seo ionas go mbeidh leagan an dá theanga ann faoi dheireadh na scéime. Is mithid a lua gur as Gaeilge a bhíonn freagra i láthair na huaire ar cheist ar bith a chuirtear trí Ghaeilge.

Is acmhainn ar-líne atá in www.assistireland.ie a chuireann eolas ar fáil faoi níos mó ná 6000 táirge agus gléas a dearadh le cuidiú le daoine faoi mhíchumas agus le daoine aosta i gcaitheamh an tsaoil ó lá go lá. Níl an tseirbhís le fáil ach i mBéarla amháin.

Foilseacháin

Le tamall de bhlianta anuas, bíonn an Tuarascáil Bhliantúil agus na cáipéisí Straitéise á bhfoilsíú sa dá theanga de réir alt 10 in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cuireadh an foilseachán dar teideal Eolas na hAoise ar an saol as Béarla agus as Gaeilge chomh maith.

Is as Béarla a chuirtear amach gach foilseachán eolais eile de chuid an BFS. Bíodh sin mar atá, tá gach eolas dá bhfuil sna foilseacháin seo ar fáil ar láithreán gréasáin na Faisnéise do Shaoránaigh, rud atá i mBéarla agus i nGaeilge araon tríd síos faoi mar a dúradh thuas.

Caibidil 4: Pleananna le Cur leis an Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge

An teagmháil phearsanta.

Faoi dheireadh na scéime, beidh an fhoireann ar mhalartán Ard-Oifig BFS traenáilte le freagra a thabhairt as Gaeilge ar cheist ar bith a chuirfear orthu trí Ghaeilge. Cuirfear oiliúint ar gach duine de chuid na foirne a bheidh i mbun dualgais na fáilte ionas, faoi Eanáir 1^ú 2010, go mbeidh ar a gcumas

- ✓ Ainm an eagrais a rá as Gaeilge
- ✓ Na gnáthbheannachtaí Gaeilge a aithint
- ✓ Baill den phobal a chur i dteangmháil gan aon mhoill le pé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge más ann don tseirbhís úd as Gaeilge.

Tá 4 bhall foirne aimsithe ag BFS san Ard-Oifig agus sna hOifigí Réigiúnda a bhfuil an leibhéal cumais iontu is gá le tacú le soláthar na seirbhísí trí Ghaeilge. Is mithid a lua nach obair a dtéann seirbhís an chuntair le haghaidh an phobail léi an obair is dual don BFS.

Beidh deis cuardaigh ar liosta na foirne ar láithreán gréasáin an BFS a chuirfidh duine i dtreo na foirne a bhfuil ar a gcumas seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Beidh Cairt Seirbhísí na gCustaiméirí ar fáil sa dá theanga ach a ndéanfar athbhreithniú air i 2009.

Cúrsaí Earcaíochta

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí earcaíochta ós riachtanas gnó atá sa Ghaeilge i gcoimhthéacs roinnt postanna éagsúla.

Foilseacháin

Is plean de chuid an BFS cur le líon na bhfoirseachán a phriondáltar i nGaeilge trí bhileoga eolais agus bileoga fíricí atá ann cheana féin a aistriú de réir a chéile. Faoi dheireadh na scéime reatha, beidh 75% de na bileoga eolais / fíricí a soláthar ag BFS sa dá theanga. Déanfar aon cháipéis amháin de na bileoga eolais agus fíricí a mbeidh an dá theanga iontu, ach amháin nuair nach féidir sin de bharr nádúr nó méid na cáipeise.

Faoi dheireadh na scéime, beidh Achoimre Feidhmeannais i nGaeilge ar gach Tuarascáil ar Pholasáí Sóisialta.

Faoi láthair, eolas ar bith atá i leabhráin eolais an BFS, tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na Faisnéise do Shaoránaigh i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Láithreán Gréasáin & ICT

Is láithreán gréasáin dhátheangach tríd síos a choinneoidh Faisnéis do Shaoránaigh ar www.citizensinformation.ie.

Faoi dheireadh na chéad bliana sa scéim, beidh seoladh r-phoist ginearálta ann le haghaidh ceisteanna as Gaeilge. Tabharfaidh Gaeilgeoirí na foirne feagra ar an ceisteanna seo go pointeáilte.

Cuirfidh an BFS leis an eolas atá ar fáil i nGaeilge ar an láithreán gréasáin atá aige is é sin www.citizensinformationboard.ie. Faoi dheireadh na scéime, beidh 20% d'ábhar seasmhach na leathanach gréasáin ar fáil sa dá theanga, an rannóg 'Maidir Linn Féin' san áireamh.

Beidh an bunachar sonraí Teicneolaíochta Cúnta ar fáil sa dá theanga ó thús deireadh faoi aimsir na 2^ú scéime.

Déanfaidh BFS deimhin de go mbeidh na seirbhísí nua ríomhaireachta i gceart agus i gcóir leis an nGaeilge a láimhseáil, agus más mithid é go gcuirfear na córais atá ann anois i bhfeiliúint don obair nuair bheidh athchóiriú nó uasghrádú á phleanáil an chéad uair eile de réir mar is cuí.

San áit a gcuirfidh BFS seirbhísí idirghnímh ar-líne amach anseo, is seirbhísí dhátheangacha a bheidh iontu sin.

Fios na Foirne & Oiliúint

Beidh rannóg in oiliúint ionduchtúcháin Fhoireann BFS feasta a bhaineann le fios faoi chúrsaí teanga, agus beidh mioneolas ann faoi na freagrachtaí a bheidh ar an bhfoireann maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Cuirfidh BFS béim ar oiliúint trí Ghaeilge trí PMDanna. Riamh anall thug BFS tacaíocht dá gcuid foirne a bhí ag dul do léann na Gaeilge, idir táillí a aisíoc leo agus saoire staidéir a cheadú dóibh. Ó thús na scéime amach, déanfar gníomh le spreagadh a thabhairt don fhoireann le hoiliúint a dhéanamh i dteanga na Gaeilge.

Foilseofar ceacht simplí Gaeilge uair sa mhí ar Idirlíon Inmheánach BFS.

Tá lámhleabhar á bheartú a mbeidh focail úsáideacha ann, agus dáilfear sin ar an bhfoireann ar fad.

Tabharfar an tacaíocht riachtanach do lucht foirne a chuirfidh in iúl as a stuaim féin gur mhaith leo seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Caibidil 6:

An Todhchaí

An tÉileamh a Mheas

Déanfaidh BFS iniúchadh ó am go chéile ar an éileamh a bheidh ar na seirbhísí a bheifear a thairiscint as Gaeilge. Déanadh iniúchadh tamall gearr roimh thús na scéime, rud a bheidh ina mharc binse úsáideach as seo amach. Déanfar monatóireacht chomh maith ar na leathanaigh gréasáin a bhfuil Gaeilge orthu féachaint cé na leibhéil úsáide a bhaintear astu.

Monatóireacht agus Athbheithniú

Déanfaidh bainistíocht BFS athbheithniú ar Scéim Gaeilge an BFS lena linn agus cuirfidh siad tuairisc chuig an mBord.

Is é an Bainisteoir Riaracháin agus HR a bheidh i bhfeighil ar fheidhmiú na scéime ó lá go lá, maraon leis an monatóireacht leanúnach a dhéanfar ar leibhéal an éilimh a bheidh ar na seirbhísí éagsúla.

Scéal na Scéime a insint tar éis a ceadaithe

Is mar seo a leanas a chuirfear na forálacha a bheidh sa scéim tar éis a ceadaithe ar a súile don phobal:

- ✓ Foilseofar an scéim féin, maraon le gach leagan eile a bheidh cothrom le haimsir, chomh maith leis na léirmheasanna, ar láithreán gréasáin BFS, agus beidh tuairisc mar gheall uirthi sna tuarascálacha bliantúla.
- ✓ Cuirfear an scéim amach chuig gach éinne dar chuir aighneachtaí isteach faoin scéim, chuig na heagrais Ghaeilge, chuig gréasán na SFC, agus chuig an bhfoireann ar fad.
- ✓ Cuirfear cóip den scéim chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla le cur ar an láithreán gréasáin atá acu www.coimisineir.ie.